Uimhir 53 *de* 2015

AN tACHT UM CHOIMISIÚN THITHE AN OIREACHTAIS (LEASÚ), 2015

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Míniú
2. Leasú ar alt 4 den Phríomh-Acht
3. Leasú ar alt 5 den Phríomh-Acht
4. Leasú ar alt 8 den Phríomh-Acht
5. Leasú ar alt 13 den Phríomh-Acht
6. Leasú ar Sceideal 1 a ghabhann leis an bPríomh-Acht
7. Leasú ar Sceideal 2 a ghabhann leis an bPríomh-Acht
8. Leasú ar alt 8 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995
9. Aisghairm
10. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000 (Uimh. 28)

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (Uimh. 22)

An tAcht um Parlaimint na hEorpa (Comhaltaí Thoghcheantair na hÉireann), 2009 (Uimh. 17)

An tAcht um Choimisiún Thithe an Oireachtais, 2003 (Uimh. 28)

An tAcht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú), 2009 (Uimh. 44)

An tAcht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú) (Uimh. 2), 2012 (Uimh. 50)

Uimhir 53 *de* 2015

AN tACHT UM CHOIMISIÚN THITHE AN OIREACHTAIS (LEASÚ), 2015

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do leasú an Achta um Choimisiún Thithe an Oireachtais, 2003 agus an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe a bhaineann leis an méid sin.

[24 *Nollaig* 2015]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

Míniú

1. San Acht seo, ciallaíonn "Príomh-Acht" an tAcht um Choimisiún Thithe an Oireachtais, 2003.

Leasú ar alt 4 den Phríomh-Acht

2. Leasaítear alt 4 den Phríomh-Acht—

(a) i mír (b) d'fho-alt (2), trí "deontais" a chur in ionad "deontais-i-gcabhair", agus

(b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach:

"(9) Chun na gcríoch a shonraítear in alt 195 den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000, féadfaidh an Coimisiún, thar ceann ceachtar Tí den Oireachtas nó dhá Theach an Oireachtais, aon fheidhm a chomhlíonadh a fhéadfaidh ceachtar Teach acu sin nó an dá Theach sin, de bhua an ailt sin, a chomhlíonadh.

(10) Na feidhmeanna is inchomhlíonta ag an gCoimisiún de réir fho-alt (9), beidh siad inchomhlíonta thar ceann an Choimisiúin ag Ard-Rúnaí na Seirbhíse mura n-ordóidh an Coimisiún a mhalairt.".

Leasú ar alt 5 den Phríomh-Acht

3. Leasaítear alt 5 (a cuireadh isteach le halt 2 den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú) (Uimh. 2), 2012) den Phríomh-Acht—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) Faoi réir fho-alt (2), déanfaidh an tAire Airgeadais an caiteachas a thabhóidh an Coimisiún i gcomhlíonadh a fheidhmeanna le linn na tréimhse 3 bliana ón 1 Eanáir 2016, le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a mhuirearú ar an bPríomh-Chiste nó ar thoradh fáis an Chiste sin agus a íoc amach as sin.",

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) Ní dhéanfar suim is mó ná €369,000,000 a mhuirearú ar an bPríomh-Chiste nó ar thoradh fáis an Chiste sin agus a íoc amach as sin de réir fho-alt (1).".

Leasú ar alt 8 den Phríomh-Acht

4. Leasaítear alt 8 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (9):

"(9) Déanfaidh comhlacht dá dtagraítear i bhfo-alt (8), a luaithe is féidir tar éis litir dá dtagraítear san fho-alt sin a fháil, a chur faoi deara cóip den litir a chur chuig an Ard-Rúnaí.".

Leasú ar alt 13 den Phríomh-Acht

5. Leasaítear alt 13 den Phríomh-Acht i mír (b) d'fho-alt (4A) (a cuireadh isteach le halt 9 den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú), 2009) trí "mar dheontas" a chur in ionad "mar dheontas-i-gcabhair".

Leasú ar Sceideal 1 a ghabhann leis an bPríomh-Acht

6. Leasaítear Sceideal 1 (a cuireadh isteach le halt 3 den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú) (Uimh. 2), 2012) a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(a) in alt 2, trí "Deontas" a chur in ionad "Deontas-i-gcabhair" gach áit a bhfuil sé,

(b) i mír 3(b), trí "do chomhaltaí" a chur in ionad "do chomhaltaí nach bhfuil i seilbh oifige", agus

(c) i mír 4(b), trí "do chomhaltaí" a chur in ionad "do chomhaltaí nach bhfuil i seilbh oifige".

Leasú ar Sceideal 2 a ghabhann leis an bPríomh-Acht

7. Leasaítear Sceideal 2 a ghabhann leis an bPríomh-Acht tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír 6 (a cuireadh isteach le mír (b) d'alt 7 den Acht um Parlaimint na hEorpa (Comhaltaí Thoghcheantair na hÉireann), 2009):

"6. Aon fháltais a gheobhaidh an Coimisiún i gcomhlíonadh a fheidhmeanna (seachas fáltais i leith caiteachais arna n-íoc ag an gCoimisiún thar ceann a chomhaltaí nó a chomhaltaí foirne atá cúitithe leis an gCoimisiún ag na comhaltaí nó na comhaltaí foirne lena mbaineann).".

Leasú ar alt 8 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995

8. Leasaítear alt 8 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach:

"(6) Féadfaidh Leas-Chléireach Dháil Éireann feidhmeanna Chléireach Dháil Éireann faoin alt seo a chomhlíonadh le linn aon tréimhse—

(a) nach mbeidh Cléireach Dháil Éireann, de dheasca breoiteachta nó ar shlí eile, ábalta na feidhmeanna sin a chomhlíonadh, nó

(b) a mbeidh oifig Chléireach Dháil Éireann folamh.

(7) Féadfaidh Leas-Chléireach Sheanad Éireann feidhmeanna Chléireach Sheanad Éireann faoin alt seo a chomhlíonadh le linn aon tréimhse—

(a) nach mbeidh Cléireach Sheanad Éireann, de dheasca breoiteachta nó ar shlí eile, ábalta na feidhmeanna sin a chomhlíonadh, nó

(b) a mbeidh oifig Chléireach Sheanad Éireann folamh.".

Aisghairm

9. Aisghairtear na forálacha seo a leanas den Phríomh-Acht:

(a) alt 17;

(b) alt 19; agus

(c) fo-alt (1) d'alt 20.

Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme

10. (1) Féadfar an tAcht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú), 2015 a ghairm den Acht seo.

(2) Folófar an tAcht seo sa chomhlua "na hAchtanna um Choimisiún Thithe an Oireachtais, 2003 go 2015".

(3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh an 1 Eanáir 2016.